CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

**Óráid**
**5 Deireadh Fómhair 2023**

# Óráid ó Tony Murphy, Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

**Cur i láthair ar Thuarascáil bhliantúil 2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**
**An Coiste um Rialú Buiséadach – Parlaimint na hEorpa**

**5 Deireadh Fómhair 2023**

**Beidh tosaíocht ag an óráid ó bhéal ar an téacs scríofa.**

A Chathaoirligh,

A Fheisirí,

A Choimisinéara,

[A Ionadaí ó Uachtaránacht na Comhairle],

Is cúis áthais dom a bheith libh inniu chun na príomhfhionnachtana agus na teachtaireachtaí lárnacha ó thuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí do bhliain 2022 a chur i láthair. In éineacht liom tá Jan Gregor – chomhghleacaí uasal agus an Comhalta don tuarascáil bhliantúil.

Sula mbreathnaímid go domhan ar na príomhfhionnachtana agus na príomhtheachtaireachtaí, ba mhaith liom i dtosach báire tábhacht ár dtuarascáil bhliantúil a chur i bhfios go láidir:

— Is í croítháirge na Cúirte Iniúchóirí agus bíonn iarracht agus obair shuntasach ag baint léi.

— Is é a príomhchuspóir réimsí ná a shainaithint ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh agus rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint i réimsí gníomhaíochta uile an Aontais.

— An cuspóir deiridh atá léi, ar chomhlánú é ar ár gcuid oibre iniúchóireachta atá idir lámha, ná tacú leis an bpróiseas um urscaoileadh agus iontaoibh shaoránaigh an Aontais a chothú trí chuntasacht agus trédhearcacht a fheabhsú.

Trínár bhfionnachtana, is minic a tharraingímid aird ar chaiteachas nach raibh ag comhlíonadh na rialacha. Déanaimid cinnte freisin béim a leagan ar na gnéithe dearfacha den méid atá ag obair go maith.

**Mar sin, cad iad na príomhthátail atá ag teacht as tuarascáil bhliantúil 2022?**

A mhéid a bhaineann le Cuntais an Aontais, mar a rinneadh i mblianta roimhe seofuaireamar go dtugann siad léargas fíorcheart ar staid airgeadais an Aontais. Tá tuairim iniúchóireachta ‘ghlan’ á tabhairt againn maidir le beachtas na gcuntas.

B’ionann a t-ioncam iomlán agus €245 bhilliún, le ráta earráide foriomlán nach raibh ábharthach. Arís, tá tuairim ghlan á tabhairt againn. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aire nach gcuireann ár dtuairim méideanna imghabhálaithe a bhaineann le ‘CBL agus bhearna chustaim’ san áireamh, ós rud é nach bhfuil na méideanna sin sannta do chaiteachas.

Ag caint anois ar chaiteachas, cuimsíonn pacáiste buiséid fadtéarmach an Aontais an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) chomh maith le NextGenerationEU (NGEU). Tagann cistiú NGEU as an Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta den chuid is mó, a bhfuil samhail seachadta éagsúil i gceist leis ná CAI. Dá thoradh sin, cuirimid dhá thuairim ar leithligh ar fáil faoi dhlíthiúlacht agus rialtacht chaiteachas 2022: ceann do chaiteachas traidisiúnta ó bhuiséad an Aontais agus ceann eile do RRF.

Ag tosú leis an gcaiteachas ó bhuiséad an Aontais, ba mhaith liom díriú isteach ar ár dtuairim agus ar ár bhfionnachtana:

Bunaithe ar ár sampla ionadaíoch de 1760 idirbheart, chonaiceamar go raibh méadú ar an leibhéal foriomlán neamhrialtachtaí go dtí 4.2 % in 2022 ó 3.0 % in 2021 (2.7 % in 2020). I bhfianaise gur tharla na hearráidí a shainaithníomar go forleathan, tá tuairim neamhfhabhrach eisithe againn an athuair don cheathrú bliain as a chéile.

Nuair a dhéanaimid iniúchóireacht ar bhuiséad an Aontais, déanaimid idirdhealú idir réimsí buiséid bunaithe ar rioscaí agus déanaimid na réimsí a rangú mar réimsí ardriosca nó ísealriosca. Mar gheall ar eabhlóid a bheith ag teacht ar chomhdhéanamh bhuiséad an Aontais le himeacht ama, tá méadú tagtha ar an sciar den chaiteachas ardriosca go dtí tromlach soiléir ag 66.0 % (2021: 63.2 %).

I gcás caiteachais ardriosca, is é an ráta earráide measta 6.0 % (2021: 4.7 %). Cuimsíonn na réimsí ardriosca sin Comhtháthú, chomh maith le hearnálacha eile de bheartas an Aontais amhail an ‘Margadh Aonair’, ‘Imirce’, ‘Slándáil’, ‘Comharsanacht’, agus deighleoga de ‘Acmhainní Nádúrtha’.

Os a choinne sin, i gcás caiteachais ísealriosca mheasamar an ráta earráide a bheith faoin tairseach ábharthachta de 2 %. Áirítear leis an gcatagóir sin caiteachas bunaithe ar theidlíochtaí, amhail cúnamh díreach d’fheirmeoirí, deontais Erasmus do mhic léinn, agus luach saothair agus pinsin sheirbhísigh shibhialta an Aontais Eorpaigh.

Tá súil againn go dtabharfaidh sé sin forléargas ar dháileadh ár leibhéal earráide measta. Anois, breathnaímis ar réimsí beartais ar leith chun léargas a thabhairt ar fhionnachtana coitianta a bhfuil baint acu leis an ráta earráide foriomlán.

Ag tosú le Comhtháthú, measaimid an ráta earráide a bheith ag 6.4 % (i gcomparáid le 3.6 % in 2021), arb ionann é agus méadú de bheagnach 80 % in aghaidh na bliana. Is cúis imní é an borradh sin, ní hamháin don bheartas Comhtháthaithe ach freisin mar gheall ar na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith acu ar réimsí eile de bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear RRF – dá mbeidh na tionscadail infheistíochta ghaolmhara ina macasamhlú ar an gcaiteachais Comhtháthaithe den chuid is mó.

Chuir na costais neamh-incháilithe, mar aon le sáruithe ar rialacha an mhargaidh inmheánaigh – go háirithe neamh-chomhlíonadh rialacha an phróisis soláthair phoiblí agus rialacha státchabhrach – go suntasach leis an leibhéal earráide measta.

I réimse an Chomhtháthaithe, bímid ag brath go mór ar obair na n-údarás iniúchóireachta náisiúnta. Do 2022, fuaireamar amach maidir le pacáistí dearbhaithe a thíolaic na hÚdaráis Iniúchóireachta a raibh rátaí earráidí iarmharacha faoi 2 % tuairiscithe acu go mícheart, go raibh méadú tagtha air sin go dtí 61 % (2021: 39 %), arbh é an ráta is airde ón uair a thosaíomar ag scrúdú na bpacáistí sin in 2017. Leagann an méid sin béim ar na heasnaimh leanúnacha ina gcuid oibre agus cuireann sé srian mór ar a mhéid ar féidir linn brath uirthi.

Ag díriú anois ar an mór-réimse caiteachais eile, an ceannteideal 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol', measaimid an ráta earráide a bheith ag 2.2 % (2021: 1.8 %). Cé nach raibh an ráta earráide ábhartha le haghaidh íocaíochtaí díreacha – arbh ionann é agus 66 % den chaiteachas sa réimse sin – bhí sé ábhartha fós do réimsí caiteachais eile (forbairt tuaithe, bearta margaidh, muirí, iascaigh agus comhshaol, agus gníomhaíocht ar son na haeráide).

A mhéid a bhaineann leis an 'Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach', fuaireamar go raibh méadú ar an ráta earráide ábhartha – é ag dul ó 4.4 % in 2021 go dtí 2.7 % in 2022. Go háirithe, is é Fís 2020 an príomhthionscnamh fós le haghaidh taighde agus nuálaíocht. Is treocht dearfach é an laghdú sin ar an ráta earráide. Leagamar béim ar shimplithe ar leith a bhfuil an t-ualach riaracháin ar thairbhithe laghdaithe acu agus a bhféadfadh sé go bhfuil an riosca earráide laghdaithe acu.

Maidir leis na cineálacha earráidí a sainaithníodh, ba é an caiteachas taighde agus nuálaíochta – go háirithe costais phearsanra – an cineál earráide a raibh an minicíocht is airde ag baint leis.

I bhfianaise shuntasacht mhéadaitheach na himirce agus an bhainistithe teorainneacha le blianta beaga anuas, tá 'Ceannteideal 4' de CAI 2021-2027, a bhfuil dírithe go sonrach ar na réimsí beartais sin, tugtha isteach ag an Aontas. Bhí cion suntasach de chaiteachas 2022 san earnáil sin fós ag baint le tionscadail a chur i gcrích agus le tionscnaimh atá fós le críochnú ó CAI 2014-2020.

Bhraitheamar earráidí i mbeagnach leath de na hidirbhearta a scrúdaíomar.

Ba mhaith liom aird a tharraingt anois ar 'An Chomharsanacht agus an Domhan'. Bhí earráidí i mbeagnach leath de na hidirbhearta a ndearnadh iniúchóireacht orthu agus in ainneoin ár sampla teoranta, leanann ár bhfionnachtana d'ardriosca earráide a dhearbhú faoin gceannteideal sin.

Ar deireadh, tugaimis aird ar 'Riarachán'. Is é conclúid ár measúnaithe go bhfuil an leibhéal earráide fós neamhábharthach, mar a bhí i mblianta roimhe seo.

Go bunúsach, cuimsíonn sé sin an toradh atá ar ár gcuid oibre comhlíontachta ar chaiteachas an bhuiséid do thuarascáil bhliantúil 2022. Léiríonn sé méadú ar an leibhéal earráide foriomlán do chaiteachas bhuiséad an Aontais, go háirithe le haghaidh Comhtháthú, arb ionann anois é agus 40 % de chaiteachas iomlán an bhuiséid.

A dhaoine uaisle,

Tabharfaidh mé aghaidh anois ar ár n-iniúchadh ar an gcaiteachas faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF). Baineann an méid sin leis an dara tuairim a eisímid maidir le caiteachas, atá ag teastáil mar gheall ar shamhail seachadta shainiúil RRF i gcomparáid le caiteachas bhuiséad an Aontais faoi CAI.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil RRF deartha mar fhreagairt shealadach ar ghéarchéim, lena n-éascaítear dáileadh gasta cistí chun cuidiú le téarnamh eacnamaíoch na mBallstát.

Cé go bhfuil an dul chun cinn níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis, fuair 11 Bhallstát 13 íocaíocht deontais, arbh ionann a luach iomlán agus €47 mbilliún. Rinneamar measúnú ar bheagnach gach ceann de na 274 gharsprioc agus na 37 sprioc a bhí ionchorpraithe sna 13 íocaíocht sin. Bhí ár measúnú bunaithe go príomha ar an gcoinníoll le haghaidh íocaíochtaí, comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna a áirithiú, agus ag an am céanna comhlíontacht leis na príomhchritéir incháilitheachta atá leagtha síos i Rialachán RRF a fhíorú.

Is é ár gconclúid go raibh tionchar ag saincheisteanna rialtachta ar 15 gharsprioc agus sprioc. Bhí na saincheisteanna sin mar thoradh ar chomhlíonadh neamhshásúil nó neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta. Fuaireamar freisin le linn ár gcuid oibre go raibh laigí i gcóras rialaithe RFF. Bunaithe ar bhreithnithe cáilíochtúla agus cainníochtúla araon, eisímid tuairim cháilithe maidir le caiteachas RRF do 2022. I bhfianaise nádúr sainiúil shamhail caiteachais RRF, ní féidir linn ráta earráide a ríomh a bheadh stuama nó a bheadh inchomparáide go díreach leis an gceann faoi CAI.

Maidir leis an uair a bhí RRF á fhorbairt, aithnímid an phráinn a bhí i gceist le meastóireacht a dhéanamh ar pleananna RRF na mBallstát agus iad a fhormheas le linn na paindéime. Mar sin féin, is minic a léirítear trínar gcuid oibre iniúchóireachta garspriocanna nó spriocanna atá sainithe go doiléir, rud a fhágann go bhfuil sé deacair a dhéanamh amach ar baineadh amach iad nó nár baineadh.

Mar sin, is dúshlán leanúnach é rialtacht a mheasúnú, óir bíonn an iliomad breithiúnais le déanamh sa mheasúnú ar a bhfuil bainte amach go cáilíochtúil, agus d'fhéadfadh

léirmhínithe éagsúla a bheith ann dá bharr. Tugaimid ar aire freisin go bhfuil modheolaíocht an Choimisiúin maidir le fionraithe íocaíochta – ar gné ríthábhachtach í den tSaoráid – suibiachtúil agus go mbraitheann sí ar bhreithiúnais. Maidir leis na conclúidí agus na léirmhínithe éagsúla a d'fhéadfaí a theacht orthu maidir le RRF toisc breithiúnais shuibiachtúla, leagann an méid sin béim ar na laigí sa dearadh uileghabhálach. Ní mór a thabhairt ar aire freisin gur cuireadh na teorainneacha sin maidir le meastóireacht a dhéanamh ar thosca cáilíochtúla san áireamh nuair a bhíomar ag teacht ar ár tuairim cháilithe.

Is aon ghné amháin dár gcuid oibre cuimsithí é ár n-iniúchadh comhlíontachta maidir le rialtacht chaiteachas RRF, i measc na nithe eile atá ar siúl againn chun an ionstraim nua seo a mheasúnú.

Amhail ag deireadh Mheán Fómhair 2023, tá thart ar 31 % de na cistí ar fad atá ar fáil le dáileadh trí dheontais deonaithe, agus níl ann ach 21 % má chuirtear san áireamh iasachtaí leis na Ballstáit. Mar sin, nílimid tagtha go pointe go fóill go bhfuilimid in ann meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán na Saoráide. Ní féidir measúnú ar fheidhmíocht chuimsitheach RRF a fhoirmiú ach trí thorthaí ár n-iniúchtaí bliantúla comhlíontachta, na hiniúchtaí feidhmíochta atá ar bun faoi láthair agus na hiniúchtaí feidhmíochta atá beartaithe a thabhairt le chéile.

Thairis sin, tá tuarascálacha iniúchóireachta eisithe againn cheana féin a chuireann béim ar easnaimh agus ábhair imní a bhaineann le dearadh agus le céimeanna luatha RRF. I dtuarascáil amháin daoibh sin maidir le dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin le haghaidh RRF, chuireamar béim ar bhearna dearbhaithe agus cuntasachta ar leibhéal an Aontais. Go sonrach, chuireamar ár n-imní in iúl i dtaobh an cheist maidir le tionscadail infheistíochta a fuair cistiú ón Aontas gan a bheith ag cloí le rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta, amhail rialacha soláthair agus rialacha státchabhrach. Ní fhíoraíonn measúnú an Choimisiúin ar iarrataí ar íocaíocht comhlíonadh na rialacha sin go córasach.

Is treise ár n-imní ó thaobh dearbhaithe de nuair a bhreathnaítear ar ár n-aschuir comhtháthaithe do thuarascáil bhliantúil 2022, óir tá méadú 80 % ar an ráta earráide bliain ar bhliain. Is minic tionscadail a fhaigheann cistiú trí chláir chomhtháthaithe a bheith comhchosúil leo sin a mhaoinítear le RRF. Mar thoradh air sin, tá riosca criticiúil ann do leasanna airgeadais an Aontais faoi chuimsiú RRF mura ndéantar seiceáil ar na rialacha sin go córasach ar gach leibhéal. Ós rud é go n-aistreoidh iarrataí ar íocaíocht RRF níos mó i dtreo tionscadail infheistíochta amach anseo, tiocfaidh méadú suntasach ar an riosca sin amach anseo.

Go dtí seo, dhírigh mé go príomha ar ár gcuid oibre comhlíontachta. Tá gnéithe eile de bhuiséad an Aontais, áfach, a mbíonn ábhair imní i gceist leo go leanúnach agus nach mór dúinn aird a thabhairt orthu.

Shroich gealltanais le híoc as buiséad an Aontais agus as cistiú deontais NGEU – a bheidh ina bhfiachais amach anseo mura scaoiltear ó ghealltanais iad – €453 billiún ag deireadh 2022, leibhéal nach bhfacthas riamh roimhe. Is ionann sin agus méadú 33 % ó na gealltanais le híoc de €342 bhilliún in 2021, atá mar thoradh den chuid is mó ar ghealladh cistí méadaithe i rith na dara bliana de chur chun feidhme NGEU.

Cruthaíonn an brú chun caiteachas a mhéadú brú ar acmhainní riaracháin, agus méadaítear an riosca earráide dá thoradh sin. Thairis sin, mura rud é go gcuirtear dlús suntasach le cur chun feidhme na gcistí faoin mbainistíocht chomhroinnte in 2024 agus 2025, tiocfaidh méadú as cuimse ar an riosca i leith saoradh ó ghealltanais níos déanaí i dtimthriall CAI.

Ach ní mór caiteachas a chistiú freisin. Anuas ar an gcistiú trí ranníocaíochtaí na mBallstát, faigheann an tAontas cistí ar iasacht ó na margaí freisin. Is bannaí fadtéarmacha go príomha atá i gceist, a ráthaítear le buiséad an Aontais. Ba fhoinse cistithe é an iasachtaíocht le haghaidh NGEU agus cúnamh airgeadais do na Ballstáit agus do thríú tíortha. Mhéadaigh an fiachas sin in 2022 go €344 billiún faoi dheireadh na bliana (2021: €237 billiún), mar gheall go príomha ar iasachtaíocht nua le haghaidh NGEU, SURE agus MFA. Caithfear tús a chur le hiasachtaíocht NGEU a aisíoc faoi 2028 agus caithfear é a thabhairt i gcrích faoi 2058 – is é sin le rá go mbeidh ar an gcéad ghlúin eile é a íoc ar ais.

Cuimsíonn ár dtuarascáil bhliantúil lear mór faisnéise agus fionnachtana mionsonraithe a mbeadh an-dúil agam a thabhairt chun suntais inniu, ach ar an drochuair, níl a dhóthain ama agam. É sin ráite, mholfainn daoibh féachaint ar na fionnachtana cuimsitheacha a chuirtear i láthair inár dTuarascáil Bhliantúil agus inár ndoiciméad dar teideal 'Iniúchadh AE i mbeagán focal', a bhfuil an dá cheann acu faighte agaibh.

Ar deireadh, is léir go bhfuil an méadú ag teacht ar an mór-réimse ina dtéimid i ngleic le buiséad an Aontais ó thaobh scóip agus castachta de. Níl aghaidh tugtha agam inniu ach ar chuid den mhór-réimse sin, a léirigh, cé go bhfuil go leor gnéithe atá ag obair go maith, go bhfuil dúshláin shuntasacha fós roimh an Aontas. Nuair atá aghaidh á tabhairt ar na dúshláin sin, tá sé ríthábhachtach a aithint go bhféadfadh éiginnteachtaí a bheith ann i gcónaí, agus go bhféadfaidh amanna a bheith ann nuair a bheidh difríochtaí ann ó thaobh conclúide de. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimid dul chun cinn le chéile agus go gcothóimid comhair chun Eoraip níos fearr agus níos inbhuanaithí a chruthú.

Go raibh maith agaibh.